

6 Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir a chur chun feidhme

- 6.1** Mar chuid dá chlár chun bainistíocht airgeadais agus cuntasaíocht an rialtais láir a nuachóiriú, tá an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (an Roinn Caiteachais Phoiblí) i mbun creat um Chaighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir (CGASanna) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí ag forbairt na gcaighdeán ar bhonn Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS).¹ Tá 29 gcaighdeán aonair san iomlán beartaithe faoi láthair le forbairt laistigh den chreat (féach larscríbhinn 6A).
- 6.2** Tá feidhm ag na CGASanna maidir le gach roinn agus oifig de chuid an rialtais láir.² Le cur chun feidhme na gcaighdeán, táthar ag súil go gcuirfear cuntasaíocht ar bhonn fabhráithe ar bhonn foirmiúil chomh maith le creat reatha na cuntasaíochta airgid thirim.
- 6.3** Is ar bhonn céimnithe atá na CGASanna á gcur chun feidhme (féach Fíor 6.1). Táthar ag súil faoi láthair go mbeidh na 29 CGAS go léir atá beartaithe i bhfeidhm le haghaidh 2028 agus le haghaidh na mblianta cuntais ina dhiaidh sin.

Fíor 6.1 Amchlár chun CGAS a chur chun feidhme

Bliain chuntais	Caighdeáin le tabhairt isteach
2024	9
2025	7
2026	7
2027	2
2028	4
Iomlán	29

Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 6.4** Tháinig na chéad naoi CGAS i bhfeidhm don bhliain chuntais 2024 agus do thréimhsí ina dhiaidh sin.³ Baineann na caighdeáin sin go príomha leis na ráitis faoin staid airgeadais. Tháinig seacht CGAS eile i bhfeidhm don bhliain chuntais 2025 agus do thréimhsí ina dhiaidh sin. Is le haithint ioncaim agus caiteachas a bhaineann na caighdeáin sin go príomha.⁴

1 Is é an Bord Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí, atá maoinithe go príomha ag Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCuntasóirí, a fhorbraíonn IPSAS.

2 Tá feidhm ag na CGASanna freisin maidir le Coimisiún Thithe an Oireachtais, leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna, agus leis an gCiste Árachais Shóisialaigh.

3 Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024*, caibidil 3, [Caighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir](#).

4 Ciorclán 19/2024 [Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir 2025](#) a eisíodh chuig cinn ranna an 9 Nollaig 2024.

- 6.5** Tugadh faoin scrúdú seo chun forléargas a thabhairt ar dhul chun cinn ag ranna agus oifigí ó thaobh na CGASanna iomchuí a chur chun feidhme a bhfuil feidhm acu don bhliain chuntais 2025 agus chun aird a tharraingt ar aon CGASanna faoi leith arb iad na cinn deacra le cur chun feidhme ag ranna agus ag oifigí iad. I dteannta chomhlíontacht na gcaighdeán nua a mheas mar chuid d'iniúchtaí aonair, rinne an fhoireann scrúdúcháin athbhreithniú ar chomhfhreagras agus aighneachtaí iomchuí agus bhí plé aici le hoifigigh ón Roinn Caiteachais Phoiblí.

Dul chun cinn maidir le CGASanna a chur i bhfeidhm


- 6.6** Ceanglaíodh ar ranna agus oifigí nach raibh in ann ceann ar bith de na 16 CGAS atá i bhfeidhm le haghaidh 2025 a chomhlíonadh go hiomlán ceadú a lorg ón Roinn Caiteachais Phoiblí le haghaidh maolú sealadach i dtaobh aon neamhchomhlíonadh iomchuí.⁵ Ceanglaíodh orthu freisin, agus an ceadú sin á lorg, plan a chur isteach agus amlíne réasúnta ag gabháil leis chun comhlíonadh na gcaighdeán iomchuí a bhaint amach. I gcás go leanfar den neamhchomhlíonadh i dtréimhsí cuntasaióchta amach anseo, beidh gá le ceadú le haghaidh tuilleadh maoluithe sealadacha do gach tréimhse iomchuí.
- 6.7** Níor baineadh amach comhlíonadh iomlán na CGASanna iomchuí in 2025 (féach Fíor 6.2). Tugadh maolú sealadach maidir le CGAS amháin nó níos mó do thrí chomhlacht déag don bhliain chuntais 2025. Tugadh maolú ar aon CGAS amháin do naoi gcomhlacht; tugadh maolú ar dhá CGAS do cheithre chomhlacht.
- 6.8** Níor iarr roinn ná oifig ar bith maolú ar na CGASanna nua a tháinig i bhfeidhm in 2025. Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí in iúl do ranna agus oifigí
- nach gceanglófaí maoluithe ar neamhchomhlíonadh mhír 11(a) de CGAS 39A: Sochair Fostaí - Cuid A don bhliain chuntais 2025⁶
 - gur áiríodh le CGAS 42: Sochair Shóisialta idirthréimhse do 2025 agus gurbh í 2026 an chéad bhliain airgeadais le tuairisciú.⁷
- 6.9** Iarradh níos lú maoluithe in 2025 i dtaobh na CGASanna a tháinig i bhfeidhm in 2024, rud a léiríonn feabhas ar chomhlíonadh i ranna agus in oifigí.

5 Cuimsítear leis na CGASanna prionsabal na hábharthachta agus ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe á n-ullmhú. Ceanglaítear leis sin nár cheart aon easnamh ábhartha ná aon mhiráitis ábhartha a bheith i gceist agus na caighdeán á gcur i bhfeidhm. Is éard atá in easnamh ábhartha ná easnamh a mbeadh tionchar aige ar chinntí nó ar mheasúnuithe de chuid úsáideoirí a dhéanfaí ar bhonn na ráiteas airgeadais.

6 I [gCiorclán 06/2026](#) [Caighdeán Chuntasaíochta an Rialtais Láir 2026](#), sonraítear go mbeidh nochtadh na ró-íocaíochtaí i nóta 5 leis an gcuntas leithghabhála sásúil mar bheart idirthréimhseach le haghaidh 2025.

7 Leagadh amach an idirthréimhse i [gCiorclán 19/2024](#) [Caighdeán Chuntasaíochta an Rialtais Láir 2025](#).

Fíor 6.2 Maoluithe sealadacha a deonaíodh le haghaidh na mblianta cuntais 2024 agus 2025, de réir an CGAS



Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 6.10 An réimse ba mhó inar deonaíodh maoluithe ab ea réadmhaoin, gléasra agus trealamh (CGAS 17).⁸ Tugadh maolú sealadach do dheich gcomhlacht ar CGAS 17 don bhliain chuntais 2025. Bhí maolú ar CGAS 17 le haghaidh na bliana cuntais 2024 faighte ag seacht gcinn de na comhlachtaí sin, agus ní raibh maolú iarrtha roimhe ag na trí chomhlacht eile.
- 6.11 Cé gur tháinig laghdú in 2025 ar mhinicíocht fhoriomlán na maoluithe a deonaíodh i dtaca le neamhchomhlíonadh CGAS,
- in ocht gcás d'iarr comhlachtaí maolú sealadach ar CGAS a bhí i bhfeidhm ó 2024 den chéad uair in 2025
 - sa chuid is mó de na cásanna eile, is deireanaí an dáta beartaithe um chur chun feidhme ná an dáta a foilsíodh ar dtús (féach Fíor 6.3).⁹

8 Le [CGAM 17 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh](#), éilítear gur cheart do ranna/oifigí iarracht a dhéanamh aistriú go comhlíonadh iomlán laistigh de thréimhse cúig bliana (i.e., faoi dheireadh 2028). Féadfaidh ranna/oifigí a bhfuil gabháltais chasta agus fhairsinge talún agus foirgneamh acu ceadú a fháil chun an tréimhse aistrithe a mhéadú go seacht mbliana.

9 Tá faisnéis níos mionsonraithe in [Iarscríbhinn 6B](#) faoi na maoluithe a deonaíodh don bhliain chuntais 2025.

Fíor 6.3 Maoluithe sealadacha ar neamhchomhlíonadh CGAS

	2024	2025
Comhlachtaí ar deonaíodh maolú sealadach (maoluithe sealadacha) dóibh	13	13
Cásanna neamhchomhlíonta ar deonaíodh maolú sealadach lena n-aghaidh	19	17
An dáta feidhmithe is deireanaí atá beartaithe	2029	2031

Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Forbairtí beartaithe ar CGAS in 2026

6.12 Don bhliain chuntais 2026 agus do thréimhsí ina dhiaidh sin

- tiocfaidh cúig CGAS breise in éifeacht ar bhonn uilechoiteann do gach roinn agus oifig
- chomh maith leis sin, tiocfaidh dhá chaighdeán breise ach is leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna agus an gCiste Árachais Shóisialaigh amháin a bheidh baint acu
- ceanglófar ar an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil tús a chur le hullmhú na ráiteas airgeadais don Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide agus do Chiste an Gheilleagair Chiorclaigh de réir CGAS.¹⁰

¹⁰ [Ciorclán 06/2026Caighdeán Chuntasaíochta an Rialtais Láir 2026](#) arna eisiúint chuig cinn ranna an 16 Eanáir 2026.

Iarscríbhinn 6A CGASanna a bhfuil feidhm acu faoi láthair agus CGAS atá beartaithe a chur chun feidhme go 2028

Caighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir ^a	2024	2025	2026 ^b	2027	2028
2 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid ^{c,d}			●	→	→
3 Polasaithe Cuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí ^{c,d}			●	→	→
4 Éifeachtaí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí ^e	●	→	→	→	→
5 Costais Iasachta	●	→	→	→	→
9 Ioncam ó Idirbhearta Malartaithe	●	→	→	→	→
11 Ioncam ó Chonarthaí Tógála	●	→	→	→	→
12 Fardail	●	→	→	→	→
13 Léasanna	●	→	→	→	→
14 Imeachtaí tar éis an Dáta Tuairiscithe			●	→	→
16 Réadmhaoin Infheistíochta				→	→
17 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	●	→	→	●	N/B ^f
19 Soláthairtí, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha	●	→	→	→	→
21 Bearnú Sócmhainní nach nGineann Airgead	●	→	→	→	→
23 Ioncam ó Idirbhearta Neamh-mhalairte (Cánacha agus Aistrithe)		●	→	→	→
24 Faisnéis Bhuiséid a chur i láthair i Ráitis Airgeadais ^g			●	→	→
26 Bearnú Sócmhainní a Ghineann Airgead	●	→	→	→	→
27 Talmhaíocht		●	→	→	→
28 Ionstraimí Airgeadais: Cur i láthair			●	→	→
30 Ionstraimí Airgeadais: Nochtadh			●	→	→
31 Sócmhainní Doláimhsithe	●	→	→	→	→
32 Socruithe Iamháltais Seirbhíse: Deontóir	●	→	→	→	→
39A Sochair Fostaí Cuid A	●	→	→	→	→
41 Ionstraimí Airgeadais			●	→	→
42 Buntáistí Sóisialta ^h		●	●	→	→
44 Sócmhainní Neamhreatha Arna gCoinneáil le Díol				→	→
45 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh ^f					→

Caighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir ^a	2024	2025	2026 ^b	2027	2028
46 Tomhas					
50 Taiscéalaíocht i gcomhair Acmhainní Mianracha agus Meastóireacht orthu					
51 Acmhainní Nádúrtha Inláimhsithe					

 Éifeachtach
  Idirthréimhse^h
  Cur chun feidhme beartaithe

Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiitiúcháin

- Nótaí:
- a Le CGASanna, cloítear leis an gcoinbhinsiún uimhrithe céanna le IPSAS ionas go mbíonn aillíniú soiléir idir an dá chreat.
 - b Cumhdaítear leis na caighdeáin arna gcur chun feidhme in 2026 tréimhsí cuntasaíochta ar an 1 Eanáir 2026 nó ina dhiaidh.
 - c I bhfeidhm don Chiste Náisiúnta Oiliúna, don Chiste Árachais Shóisialaigh agus do Chiste an Gheilleagair Chiorclaigh don bhliain chuntais 2026 agus le haghaidh tréimhsí ina dhiaidh sin.
 - d Cuirtear siar cur chun feidhme ag ranna agus oifigí rialtais ar feitheamh CGAS1 Cur i láthair Ráiteas Airgeadais, a thabhairt isteach. Níl dáta molta go fóill le haghaidh thabhairt isteach CGAS 1, agus mar sin níl sé ar áireamh sa chreat pleanáilte reatha lena ngabhann 29 gcaighdeán.
 - e Le Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha, cuireadh chun feidhme go luath ceanglais CGAS 4 um dhéileáil le difríochtaí neamhréadaithe idir rátaí malairte don bhliain chuntais 2024.
 - f Tá sé beartaithe CGAS 45 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a chur in ionad CGAS 17 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh. Le CGAS 45, tabharfar isteach ceanglais nua lena n-áirítear treoir fheabhsaithe ar shócmhainní bonneagair, ar shócmhainní oidhreacht agus ar mhodheolaíochtaí tomhais a bhaineann leis an earnáil poiblí amháin.
 - g Cuirtear siar Míreanna 47 – 53 de CGAS 24 ar feitheamh CGAS 1 Cur i láthair Ráiteas Airgeadais a thabhairt isteach.
 - h Cuimsítear i CGAS 42 Sochair Shóisialta idirthréimhse don bhliain chuntais 2025. Is é 2026 an chéad bhliain airgeadais um thuairisciú.

Iarscríbhinn 6B Maoluithe sealadacha ar na CGASanna, a bhfuil feidhm acu in 2025^a

Vóta ag fáil maolaithe ^b	Caighdeán	Dáta an mhaolaithe ^c	An dáta feidhmithe is deireanaí atá beartaithe i gcomhréir le maolú 2025 ^d	An dáta feidhmithe a bhí beartaithe roimhe ^e
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	17 Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	31 Márta 2026	2029	Laistigh de thrí bliana ^f
	21 Bearnú Sócmhainní nach nGineann Airgead	31 Márta 2026	2029	2025
Vóta 21 Príosúin	17 Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	3 Iúil 2026	2026	2025
	31 Sócmhainní Doláimhsithe	24 Márta 2026	2026	Níor iarradh roimhe ^g
Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna	32 Socruithe Lamháltais Seirbhíse: Deontóir	26 Márta 2026	2026	Níor iarradh roimhe ^g
Vóta 26 Oideachas agus Óige	17 Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	31 Márta 2026	2027 ^h	2027
	32 Socruithe Lamháltais Seirbhíse: Deontóir	31 Márta 2026	2026	Níor iarradh roimhe ^g
Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta	17 Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	25 Lúnasa 2026	2026	Níor iarradh roimhe ^g
Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil	17 Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	25 Lúnasa 2026	2026	Níor iarradh roimhe ^g
Vóta 29 Aeráid, Fuinneamh agus an Comhshaol	17 Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	25 Márta 2026	2031	Laistigh den idirthéimhse ⁱ
Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir	17 Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	27 Márta 2026	2027	2026
Vóta 31 Iompar	13 Léasanna	30 Márta 2026	2029	Níor iarradh roimhe ^g
	17 Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	30 Márta 2026	2029	Níor iarradh roimhe ^g
Vóta 33 Cultúr, Cumarsáid agus Spórt ^j	32 Socruithe Lamháltais Seirbhíse: Deontóir	24 Márta 2026	2030	2028
Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht	17 Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	26 Márta 2026	2029	2029
Vóta 36 Cosaint	17 Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	26 Márta 2026	2029	2029
Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht	32 Socruithe Lamháltais Seirbhíse: Deontóir	3 Meán Fómhair 2026	2027	Níor iarradh roimhe ^g

Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Phoiblí agus Digitiúcháin. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a [Ciorclán 19/2024 Caighdeán Chuntasaíochta an Rialtais Láir 2025](#), ceanglaítear leis ar oifigh chuntasaíochta a shonrú sa ráiteas faoi pholasaithe agus prionsabail chuntasaíochta ar ceadaíodh maolú sealadach dóibh agus an bhfuil plan i bhfeidhm acu chun comhlíonadh laistigh de thréimhse ama réasúnta.
 - b Féadfaidh baint a bheith ag an maolú faighte le gné amháin nó níos mó den chaighdeán iomchuí.
 - c Léiríonn sé seo dáta na litreach maolaithe arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí.
 - d Ar bhonn na sonraí atá sa litir mhaolaithe iomchuí don bhliain chuntais 2025, sa chuntas leithghabhála nó sa chomhfhreagras leis an Roinn Caiteachais Phoiblí atá sé seo bunaithe.
 - e Is é seo an dáta feidhmithe beartaithe a foilsíodh sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Phoiblí 2024*, caibidil 3, [Caighdeán chuntasaíochta an rialtais láir](#).
 - f Chuir Oifig na nOibreacha Phoiblí in iúl, ina cuntas leithreasa le haghaidh 2024, go rabhtas ag súil le comhlíonadh iomlán CGAS 17 laistigh de thrí bliana.

- | | |
|---|--|
| <p>g Cé go raibh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024, níor iarradh maolú ón CGAS seo roimhe.</p> <p>h Tá tionscadal le déanamh go fóill ag an Roinn Oideachais agus Óige chun an cur chuige cuntasaitochta cuí a shocrú le haghaidh scoileanna atá tógtha ar thalamh faoi úinéireacht pátrúin. Deonaíodh an maolú sin ar an gcoinníoll go n-ullmhófaí plan um chomhlíonadh le haghaidh na scoileanna sin mar chuid den tionscadal sin.</p> | <p>i Don bhliain chuntais 2024, chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí in iúl go mbeadh an seasamh réamhshocraithe um chur chun feidhme CGAS 17 laistigh d'idirthréimhse cúig bliana ón dáta ar a bhfuil feidhm aige. Chuir sí in iúl, áfach, go mbeifí níos soiléire in am is i dtráth maidir le cur chun feidhme CGAS 17 le Vóta 29.</p> <p>j Don bhliain chuntais 2024, deonaíodh an maolú don Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid a bhí ann ag an am.</p> |
|---|--|